Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2024
(OR. en, de)

16533/24
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0396(COD)**

CODEC 2279
ENV 1188
MI 1002
ENT 220
IND 548
CONSOM 343
COMPET 1186
AGRI 859
FOOD 129

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear<br>Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ó Mhálta**

Aithníonn Málta a thábhachtaí atá an togra reachtach seo darb aidhm dlús a chur le hinbhuanaitheacht na pacáistíochta agus tionchar na dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú. Ba mhaith le Málta aitheantas a thabhairt don dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le gnéithe éagsúla, ina measc an díolúine do mhicrifhiontair áirithe ón nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an fachtóir ceartúcháin turasóireachta.

Tugann Málta dá aire, áfach, cineál idirdhealaitheach na díolúine ó na spriocanna athúsáide, a bhunaítear feasta ar fheidhmíocht bainistithe dramhaíola na mBallstát seachas ar fheidhmíocht na n-oibreoirí eacnamaíocha spriocdhírithe.

Measann Málta freisin go mbeidh deacrachtaí ag baint leis an oibleagáid atá ar chórais aisíoctha éarlaise a lipéad náisiúnta a bheith acu, toisc go méadóidh sé an t-ualach lóistíochta agus riaracháin ar dháileoirí áitiúla a bhíonn ag brath go mór ar dheochanna allmhairithe.

Ar deireadh, tá imní ar Mhálta faoin gcaoi a mbeidh na Ballstáit, go háirithe na Ballstáit bheaga, in ann na spriocanna laghdaithe dramhaíola ó phacáistíocht atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhaint amach, go háirithe sprioc 2030, go háirithe ós rud é gur caolaíodh ceanglais chomhchuibhithe áirithe maidir le hOibreoirí Eacnamaíocha in Iarscríbhinn V agus gur cuireadh síneadh lena spriocdháta cur chun feidhme go dtí 2030.

**Ráiteas ón Ostair**

Tacaíonn an Ostair le bearta soiléire, uaillmhianacha agus infhorfheidhmithe i réimse na pacáistíochta agus deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil. Ní chomhlíonann an rialachán maidir le pacáistíocht an cuspóir sin go hiomlán, áfach. Tá an chothromaíocht idir an chosaint chomhshaoil, an t-ualach riaracháin agus an t-iomaíochas ar lár.

Tá ábhair imní maidir leis an méid seo a leanas:

- ualach trom riaracháin agus méaduithe ar chostais nach léir aon bhuntáiste don chomhshaol a bheith ag baint leo, mar shampla i réimse na hathúsáide,
- na bearta casta cur chun feidhme is gá faoin rialachán agus
- fadhbanna forfheidmiúcháin, e.g. maidir le freagracht an táirgeora i ndáil le tríú tíortha.

Ba cheart ábhar sonrach na rialacha a fhorchoimeád don fhoirm dhlíthiúil de threoir.

De thoradh na n-ábhair imní sin, staonfaidh an Ostair ón vótáil dheireanach.